M.24T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA 2000

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – IARNÓIN 2.00 GO DTÍ 5.20

Tá **ceithre** cheist le freagairt, .i. Ceist 1, Ceist 5 agus dhá cheist as Roinn B (ceisteanna 2, 3, 4).

I bhfreagraí go mbíonn plé de dhíth iontu is fearr go mór trácht go mion ar thrí ghné nó ar cheithre ghné, seachas trácht go ginearálta ar go leor pointí.

**THALL ®**

**ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE**
**Freagair Ceist 1 UILE**

**1.** Féach ar an sliocht as léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordánais 1 : 50 000 agus ar an Eochair a ghabhann leis agus ansin freagair na ceisteanna seo uilig.

**(a)** "Tá stair i bhfad siar ag an réigiún seo de lonnaíocht daonna." Maidir leis an sliocht ón léarscáil, scrúdaigh go mion an fhianaise mar thac leis an ráiteas. **(40 marc)**

**(b)** "Is iomaí modh iompair atá le fáil ag ceantar Shligigh." Scrúdaigh an ráiteas seo, agus bíodh sracléarscáil agat chun do fhreagra a léiriú. **(30 marc)**

**(c)** Tá fianaise úsáideach le fáil sa léarscáil agus san aerfótagraf chun chur le mionscrúdú ar an infristructúr bhóithre i mBaile Shligigh. Léirigh conas mar atá difir eatorthu maidir leis an fhianaise seo. **(30 marc)**

**ROINN B –TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH**
**Freagair dhá Cheist**

**2. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: Freagair 2(a) nó 2(b) nó 2(c) nó 2(d).**

**(a) (i)** Le tagairtí do chúrsaí chreimthe **agus** do chúrsaí shil-leagain, scrúdaigh **trí** shlí ina múnlaíonn aibhneacha tírdhreach na hÉireann.

**(75 mharc)**

**(ii)** Scrúdaigh go hachomair **dhá** shlí ina ndéanann sochaithe daonna smacht a chur ar aibhneacha.

**(25 mharc)**

**(b) (i)** Maidir le **dhá** ghnáth-ghné tíre, léirigh conas mar a mhúnlaíonn gníomhú an fharraige dreach an chósta. **(60 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh go hachomair conas mar a bhíonn tionchar ag an **uile** ceann díobh seo ar an ráta ídithe ar stiall den chósta:

* an cineál carraige
* gníomhú na ndaoine.

**(40 marc)**

**(c)** **(i)** Bíodh léaráidí agat le do fhreagra chun cuntas a thabhairt maidir le fás agus forbairt ar lagracha fhronta meán-domhanleitheadacha.
**(40 marc)**

**(ii)** Mionscrúdú a dhéanamh ar an sraith aimsire go bhfuil baint le lagrach ón Aigéan Atlantach, ag dul trasna na hÉireann.
San fhreagra, bíodh tagairt:
* do bhrú an atmasféir agus don ghaoth
* do mhéid na scamall agus dá gcineál
* don teocht
* don fhrasaíocht **(40 marc)**

**(iii)** Léirigh go hachomair an tionchar ar réamhaisnéis na haimsire atá ag na Nua-Theicneolaíochtaí. **(20 marc)**

**(d)** "De thoradh ar an fhás ar ghníomhra an chine dhaonna, tá muid i mbaol athruithe do-iompaithe i gcórás nádúrtha an Domhain."

Mionscrúdú a dhéanamh ar an abairt úd – le tagairt:

* don atmasféar * dos na créafóga * dos na foraoiseacha * dos na huiscí.
**(100 marc)**

**3. TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a) Dearc ar an aerfótagraf daite de Bhaile Shligigh a ghabhann leis seo.**

**(i)** "Tá tionchar na habhann ar fhorbairt bhaile Shligigh go han-soiléir ón aerfótagraf."
Pléigh an ráiteas sin. **(40 marc)**

**(ii)** "Tá dlús daonra mór sa chuid sin de bhaile Shligigh atá clúdaithe san aerfótagraf."
Pléigh **dhá** ghiota fianaise san ghriangraf mar thac leis an ráiteas seo. **(30 marc)**

**(iii)** "Roghnaíonn an léarscáilí cé hiad na tír-ghnéithe a chuirfear sa léarscáil. Clúdaíonn an griangrafadóir an réimse iomlán atá i bhfad-radharc an cheamara."
An difír sin a léiriú le tagairt don léarscáil **agus** don aerfótagraf. **(30 marc)**

**(b)** **(i)** Tabhair cuntas mínithe ar **dhá** shampla den oll-imirce daonna idirnáisiúnta san 20ú aois.
**(50 marc)**

**(ii)** Mionscrúdú a dhéanamh ar thoradh dearfa **amháin** agus ar thoradh diúltach **amháin** a d'fheadfadh a bheith ag oll-imirce dá short ar an cheann-scríbe nó ar ceanntar glachta.
**(50 marc)**

**THALL ®**

**(c)** **<u>Fás na gcathracha 1970-2010</u>**

"Bíonn cathracha ag fás toisc a éifeachtaí is a bhíonn siad ag dáileadh seirbhísí, agus toisc an cumas a bhíonn acu go leor feidhmeanna a chur ar fáil dá n-áithritheoirí. Sroictear áfach léibheann criticiúil, agus ní aisling uirbeach ach tromluí uirbeach a bhíonn do chuid mhaith den lucht chónaithe."

| | |
|---|---|
| Los Angeles | +65% |
| Caireo | +153% |
| Tóiceo | +90% |
| Rio de Janeiro | +127% |
| Cathair Mheicsiceo | +97% |

Mionscrúdú a dhéanamh ar an ráiteas úd agus bíodh tagairtí agat dos na fíricí sa tábla. I do fhreagra, bíodh tagairtí dos na codarsnachtaí sóisialta agus eacnamaíoch idir tíortha éagsúla.
**(100 marc)**

**(d)** **(i)** Ar na toscanna a bhíonn ina mbac ar fhorbairt i dtíortha bochta an domhain tá:


* an timpeallacht fhisiceach
* caiteachas míleata
* oll-fhás daonra
* trádáil éagóir
* fiacha eachtracha.

Scrúdú a dhéanamh ar **<u>thrí</u>** chinn des na toscanna úd a chuir bac ar fhorbairt eacnamaíoch na dtíortha atá i mbéal forbartha. **(75 mharc)**

**(ii)** Déan mionscrúdú go hachomair ar **<u>dhá</u>** shaghas chúnaimh dos na tíortha i mbéal forbartha.
**(25 mharc)**

**4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d)**

**(a)** **<u>Príomh-threonna Uirbeacha</u>**




Leirítear forbairt eacnamaíoch i ngeilleagar Iarthar an Domhain tríd an fhás ar an leibhéal –

**(i)** sa chathrú;
**(ii)** sa tomhaltas;
**(iii)** in úinéireacht chairr.

Pléigh an ráiteas úd agus bíodh tagairtí agat do **<u>dhá</u>** cheann díobh thuas. **(100 marc)**

**(b)** **(i)** "Tháinig athrú le himeacht ama ar na toscanna a bhaineann le lonnaíocht thionscal na déantúsaíochta."
Scrúdaigh cé chomh fíor is atá an ráiteas, agus déan tagairt do roinnt samplaí ar a bhfuil staidéar déanta agat. **(70 marc)**

**(ii)** "Ba cheart go mbeadh áit lárnach ag athchúrsáil sa phleanáil eacnamaíoch – logánta, náisiúnta agus idirnáisiúnta – san 21ú aois."
**<u>Dhá</u>** argóint ar son na hathchúrsála a léiriú agus déan tagairt do shamplaí ar a bhfuil staidéar déanta agat. **(30 marc)**

**(c)** Tá mór-thionchar ag na fórsaí eacnamaíocha seo ar thalmhaíocht an lae inniu:

- Éileamh agus Soláthar ar earraí feirme;
- Ról an pholasaí phoiblí;
- Teicneolaíocht agus méadú ar chostaisí;
- Laghdú ar an líon oibrithe;
- Méadú ar fheirmeacha;
- Ioncam na bhfeirmeacha;

Tóg do rogha **<u>trí</u>** thosca agus déan scrúdú ar an tionchar atá ag **<u>an uile ceann acu</u>** ar thalmhaíocht an lae inniu. **(100 marc)**

**(d)** Ag tagairt do thionscadal thíreolaíochta in obair allamuigh atá déanta agat:

**(i)** Luaigh teideal agus aidhmeanna an tionscadail. **(10 marc)**
**(ii)** Mínigh conas mara rinne tú an réamh-ullmhúchán. **(20 marc)**
**(iii)** Léirigh conas mar a chuir tú chun na hoibre allamuigh. **(30 marc)**
**(iv)** Mínigh conas mara chuir tú na torthaí ar fáil, agus tabhair cuntas achomair ar do chonclúidí. **(30 marc)**
**(v)** Déan cur síos ar ghné **<u>amháin</u>** des na torthaí gur fiú tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh air. **(10 marc)**

**THALL ®**

**ROINN C**

**Freagair Ceist 5**

**5. TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5 (a) nó 5(b) nó 5 (c) nó 5 (d).**

**(a)** Comparáid agus codarsnacht a shoiléiriú maidir le toscanna a d'fhéadfadh a bheith ina dtionchar ar fhorbairt na dtionscal iascaireachta, i gcomhthéacs na hÉireann **agus** maidir le tír mhuirí **amháin** eile in Iarthar na hEorpa. **(100 marc)**

**(b)** Poblacht na hÉireann, an Fhrainc, an Ghearmáin, an tSualainn, an Spáinn.
Tóg do rogha tír díobh agus le cabhair sracléarscaile mol – agus cosain do mholadh – conas a d'fhéadfaí an tír úd a roinnt ina **trí** (nó níos mó) réigiún tíreolaíochta. **(100 marc)**

**(c)** **(i)** Déan mionscrúdú ar na cúiseanna atá le forbairt rathúil ar thionscal na turasóireachta **i ndá thír** atá éagsúil ar fad, in Iarthar na hEorpa. **(40 marc)**


**(ii)** Scrúdú a dhéanamh ar thábhacht eacnamaíoch thionscal na turasóireachta in **aon** tír ar bith dá bhfuil i gceist agat in (i) lastuas. **(30 marc)**

**(iii)** Cuntas achomair a thabhairt ar **dhá** shlí ina mbeadh mór-thionchair dhiúltacha ag an turasóireacht ar réigiún ar bith. **(30 marc)**

**(d)** Déan mionscrúdú ar na príomh-thoscanna a bhí ina dtionchar ar an fhorbairt sa talmhaíocht **nó** sa tionscal déantúsaíochta i do rogha tír i gCríoch Lochlann. **(100 marc)**

NOTE: UNAUTHORISED REPRODUCTION INFRINGES STATE COPYRIGHT.
TAHAIR FAOI DEARA: IS SÁRÚ CHÓIPCHEART AN STÁIT
MACASAMHLÚ GAN CHEAD.

Compiled, Printed & Produced by the Director at the Ordnance Survey Office, Phoenix Park, Dublin.
An Stiurthoir, Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, a thiomsaigh, a chlóigh agus a d'fhoilsigh.




©Government of Ireland / Rialtas na hÉireann 2000

Ordnance Survey Ireland
Ordnance Survey Ireland
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

# DISCOVERY SERIES SRAITH EOLAIS

## Legend — Eochair

### Eolas Turasóireachta / Tourist Information

- Láithreán carbhán (idirthurais) / Caravan site (transit)
- Brú An Óige / Neamhspleách / Hostel An Óige / Independent
- Ionad pairceála / Parking
- Láithreán picnicí / Picnic site
- Teileafón Poiblí / Public Telephone
- Láithreán campála / Camping site
- Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt ar feadh na bliana) / Tourist Information centre (regular opening)
- Ionad eolais turasóireachta (ar oscailt le linn an tséasúir) / Tourist Information centre (restricted opening)
- Ionad dearctha / Viewpoint
- An Taisce / National Trust
- Tearmann Dúlra / Nature Reserve
- Galfchúrsa, machaire gailf / Golf Course or Links

### Bóithre / Roads

- M 1 — Mótarbhealach / Motorway (Junction number)
- N 11 — Bóthar príomha náisiúnta / National Primary Road
- N 71 — Bóthar tánaisteach náisiúnta / National Secondary Road
- Carrbhealach dúbailte / Dual Carriageway
- Bóthar príomha /tánaisteach náisiúnta beartaithe / Proposed Nat. Primary / Secondary Road
- R 574 — Bóthar Réigiúnach / Regional Road
- Bóthar den tríú grád / Third Class Road
- Bóithre de chineál eile / Other Roads
- Bealach / Track

### Gnéithe ginearálta / General features

- Foirgnimh le hais a chéile / Built up Area
- Aerfort / Airport
- Aerpháirc / Airfield
- Oifig phoist / Post office
- Garda Síochána / Police
- Stáisiún cumhachta (uisce) / Power Station (Hydro)
- Stáisiún cumhachta (breosla iontaiseach) / Power Station (Fossil)
- Líne tarchurtha leictreachais / Electricity Transmission Line
- Crann / Mast
- Eaglais nó séipéal / Church or Chapel
- Ardeaglais / Cathedral
- Cuaille triantánachta / Triangulation Pillar
- Trasnú cliathráin / Graticule Intersection
- Siúlbhealach le comharthaí; gan comharthaí / Waymarked Walks; Unmarked
- Ferry V — Bád fartha (feithiclí) / Ferry (Vehicle)
- Ferry P — Bád fartha (paisinéirí) / Ferry (Passenger)

### Teorainneacha / Boundaries

- Teorainn idirnáisiúnta / International Boundary
- Teorainn chontae / County Boundary
- Páirc Náisiúnta / National Park
- Páirc Foraoise / Forest Park
- Seilbh de chuid an Aire Chosanta / Dept. of Defence Property
- Foraois bhuaircíneach / Coniferous Plantation
- Coill nádúrtha / Natural Woodland
- Foraois mheasctha / Mixed Woodland

### Séadchomhartha / Antiquities

- Séadchomhartha Ainmnithe / Named Antiquities
- Clós, m.sh. Ráth nó Lios / Enclosure, e.g. Ringfort
- Láthair Chatha (le dáta) / Battlefield (with date)

### Relif / Relief

- Céim imlíne comhairde 10m / 10m Contour Interval
- Céim imlíne comhairde 50m / 50m Contour Interval
- 123 • Spota airde / Spot Height

### Gnéithe uiscí / Water features

- Loch / Lake
- Canáil, canáil (thirim) / Canal, Canal (dry)
- Abhainn nó sruthán / River or Stream
- Teach Solais in úsáid / as úsáid / Lighthouse in use / disuse
- Bádóireacht / Boating activities
- Líne bharr láin / High Water Mark
- Líne lag trá / Low Water Mark (shingle, mud, sand or loose rock)
- Trá / Beach

### Iarnróid / Railways

- Iarnróid / Railways
- Iarnród tionscalaíoch / Industrial Line
- Tollán / Tunnel
- LC — Crosaire comhréidh / Level Crossing
- Stáisiún traenach / Railway Station

### IRISH NATIONAL GRID




© GOVERNMENT OF IRELAND
RIALTAS na hÉIREANN 2000

### SAMPLE GRID REFERENCE ONLY

**NOTE: THESE GRID REFERENCES ARE SAMPLE REFERENCES ONLY! AND THE PLACES NAMED ARE NOT FOUND ON THIS MAP EXTRACT.**

FROM -

*DISCOVERY SERIES SHEET 2*

RATHMULLAN C 295 275

*DISCOVERY SERIES SHEET 2*

JACOBS BRIDGE C 347 323

### SCÁLA 1:50 000 SCALE 1:50 000

1 KILOMETRES 0 1 2 3 4 5 6 7 KILOMETRES 8

1 STATUTE MILES 0 1 2 3 4 STATUTE MILES 5

2 ceintiméadar sa chiliméadar (taobh chearnóg eangaí) 2 centimetres to 1 Kilometre (grid square side)

